Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**11159/23**

**ECOFIN 683**
**UEM 217**
**SOC 508**
**EMPL 359**
**COMPET 703**
**ENV 782**
**EDUC 295**
**RECH 327**
**ENER 418**
**JAI 930**
**GENDER 159**
**ANTIDISCRIM 153**
**JEUN 197**
**SAN 434**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9853/1/23 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 627 final |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta na Sualainne um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Sualainne um Chóineasú 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, mar a pléadh sa Chomhairle agus sa Chomhairle Eorpach é, bunaithe ar Mholadh COM(2023) 627 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le Clár Náisiúnta na Sualainne um Athchóiriú 2023 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Sualainne um Chóineasú 2023**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú[1], a neartú agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

1 IO L 209, 2.8.1997, lch. 1.
2 IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an an tSaoráid, soláthraítear tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus í mar spreagadh fioscach arna mhaoiniú ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, leis an tSaoráid, rannchuidítear le téarnamh eacnamaíoch cuimsitheach agus le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí atá inbhuanaithe agus a spreagann fás, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Rinneadh an ranníocaíocht airgeadais uasta in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid a thabhairt cothrom le dáta an 30 Meitheamh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 22 Samhain 2022, ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, rud a chuir tús le Seimeastar Eorpach 2023 um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 23 Márta 2023, d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tSuirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2023, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 22 Samhain 2022, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2023 maidir leis an Sásra Foláirimh inar shainaithin sé inti go bhfuil an tSualainn ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2023 ar Fhostaíocht, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[4] an 16 Bealtaine 2023 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 13 Márta 2023.

(3) Cé go bhfuil athléimneacht shuntasach á léiriú ag geilleagair an Aontais, tá drochthionchar ag an gcomhthéacs geopholaitiúil orthu fós. Agus an tAontas ag seasamh go daingean leis an Úcráin, tá clár oibre beartais eacnamaíoch agus shóisialta an Aontais dírithe sa ghearrthéarma ar dhrochthionchar na suaití fuinnimh a laghdú, i gcás teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha araon, agus sa mheántéarma ar iarrachtaí a choinneáil ar bun chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach, ar thacaíocht a thabhairt d'fhás inbhuanaithe cuimsitheach, ar an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chosaint agus ar an athléimneacht a mhéadú. Tá sé dírithe go láidir freisin ar iomaíochas agus táirgiúlacht an Aontais a mhéadú.

[4] Moladh ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 180, 23.5.2023, lch. 1).

(4) An 1 Feabhra 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais don Ré Ghlan-Nialasach' ('Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais'). Is é is aidhm do Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais agus tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is comhlánú é ar na hiarrachtaí leanúnacha faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus faoi REPowerEU. Is é is aidhm dó freisin timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun acmhainneacht mhonaraíochta an Aontais a mhéadú i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta agus leis na táirgí glan-nialasachta a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide an Aontais a bhaint amach, agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain ar amhábhair chriticiúla ábhartha, lena n-áirítear trí fhoinsiú a éagsúlú, trí shaothrú cuí a dhéanamh ar acmhainní geolaíocha sna Ballstáit agus trí athchúrsáil na n-amhábhar a uasmhéadú. Is ar cheithre cholún atá Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais bunaithe: timpeallacht rialála intuartha agus shimplithe, rochtain níos tapúla ar mhaoiniú, scileanna a fheabhsú, agus trádáil oscailte do shlabhraí soláthair athléimneacha. An 16 Márta 2023, d'eisigh an Coimisiún teachtaireacht eile dar teideal 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030', teachtaireacht a leagadh amach de réir naoi spreagadh a threisíonn a chéile ar mhaithe le hoibriú i dtreo creat rialála lena bhfeabhsófaí an fás. Socraítear leis tosaíochtaí beartais arb é is aidhm dóibh feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta dea-dhírithe agus rialála a áirithiú le haghaidh iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát. Cuidíonn na moltaí thíos ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí sin.

(5) In 2023, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós bunriachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go dtugann na pleananna aghaidh ar iomlán na moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar fhothacar mór díobh. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020 agus 2022 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(6) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur go tapa le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh agus le héagsúlacht sholáthar fuinnimh an Aontais, agus ag an am céanna, méadóidh sé glacadh na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh, acmhainneachtaí stórála fuinnimh agus an éifeachtúlacht fuinnimh. Le Rialachán REPowerEU, cuirtear ar chumas na mBallstát caibidil nua REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. Cuideoidh na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin freisin ó thaobh borradh a chur faoi iomaíochas thionscal glan-nialasachta an Aontais mar a leagtar amach i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais, agus tabharfaidh siad aghaidh ar na moltaí tírshonracha a bhaineann le fuinneamh arna n-eisiúint chuig na Ballstáit in 2022 agus, i gcás inarb infheidhme, in 2023. Le Rialachán REPowerEU, tugtar isteach catagóir nua de thacaíocht airgeadais neamh-in-aisíoctha, atá á cur ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí nua a bhaineann le fuinneamh a mhaoiniú faoina bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

---

[5] Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1).

(7) An 8 Márta 2023, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoraíocht ar fáil maidir leis an mbeartas fioscach 2024 ('teachtaireacht an 8 Márta 2023'). Is é is aidhm di tacú le hullmhú chláir na mBallstáit um chobhsaíocht agus um chóineasú, agus an comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún chun cuimhne go ndéanfar clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a dhíghníomhachtú i ndeireadh 2023. D'éiligh an Coimisiún go mbeadh beartais fhioscacha ann in 2023-2024 a d'áiritheodh an inbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma agus a mhéadódh an acmhainneacht fáis ar bhealach inbhuanaithe agus iarradh ar na Ballstáit a leagan amach ina gclár um chobhsaíocht agus um chóineasú 2023 conas a áiritheoidh a bpleananna fioscacha go n-urramófar luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus go n-áiritheofar laghdú inchreidte leanúnach an fhiachais, sin nó conas a choinneofar an fiachas ar leibhéal stuama sa mheántéarma. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit freisin deireadh a chur de réir a chéile le beartais fhioscacha náisiúnta arna dtabhairt isteach chun teaghlaigh agus gnólachtaí a chosaint ar shuaitheadh na bpraghsanna fuinnimh, agus deireadh a chur ar dtús leis na beartais is lú a spriocdhíríodh. Thug sé le fios, dá mba rud é gur ghá síneadh a chur le bearta tacaíochta mar gheall ar bhrú a bheith ann an athuair ó thaobh an fhuinnimh de, gur cheart do na Ballstáit na bearta sin a spriocdhíriú ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha ar bhealach níos fearr. Luaigh an Coimisiún go ndéanfaí na moltaí fioscacha a chainníochtú agus a dhifreáil. Thairis sin, mar a mholtar sa teachtaireacht uaidh an 9 Samhain 2022 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, go ndéanfaí na moltaí fioscacha sin a fhoirmliú ar bhonn an ghlanchaiteachais phríomhúil. Mhol sé do na Ballstáit uile leanúint ar aghaidh ag cosaint na hinfheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus a áirithiú go n-úsáidfear an tSaoráid agus cistí eile an Aontais go héifeachtach, go háirithe i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh agus na gcuspóirí athléimneachta. Thug an Coimisiún le fios go molfadh sé don Chomhairle tús a chur, in earrach na bliana 2024, leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh, ar bhonn na sonraí olltoraidh maidir le 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair.

(8) An 26 Aibreán 2023, chuir an Coimisiún isteach tograí reachtacha chun athchóiriú cuimsitheach ar rialacha rialachais eacnamaíoch an Aontais a chur chun feidhme. Is é is príomhchuspóir do na tograí sin inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí a neartú agus fás inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit uile trí athchóirithe agus trí infheistíochtaí. Sna tograí uaidh, díríonn an Coimisiún ar an úinéireacht náisiúnta a fheabhsú, ar an gcreat a shimpliú agus gluaiseacht i dtreo fócas níos meántéarmaí, in éineacht le forfheidhmiú éifeachtach agus níos comhleanúnaí. De réir na gConclúidí ón gComhairle an 14 Márta 2023 maidir le treoirlínte le haghaidh athchóiriú ar chreat rialachais eacnamaíoch an Aontais, is é an cuspóir atá ann an obair reachtach a thabhairt i gcrích in 2023.

(9) An 28 Bealtaine 2021, chuir an tSualainn a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 4 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne[6]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh á rá go bhfuil an tSualainn tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Tuigtear gurb é atá i gceist le comhlíonadh sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

[6] 7772/2022 INIT; 7772/2022 ADD 1.

(10) An 28 Aibreán 2023, thíolaic an tSualainn a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus, an 28 Aibreán 2023, a Clár um Chóineasú 2023, i gcomhréir le hAirteagal 8(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. Chun na naisc atá eatarthu a chur san áireamh, rinneadh measúnú ar an dá chlár le chéile. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 ar thuairisciú leathbhliantúil na Sualainne maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(11) An 24 Bealtaine 2023, d’fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2023 don tSualainn. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na Sualainne ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2022, agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne. Ar bhonn na hanailíse sin, léiríodh sa tuarascáil tíre na bearnaí atá ann maidir leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Leis an tuarascáil, rinneadh measúnú freisin ar dhul chun cinn na Sualainne ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 maidir leis an tSualainn agus d'fhoilsigh sé a thorthaí an 24 Bealtaine 2023. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa tSualainn. Go háirithe, tá leochaileachtaí fós ann a bhaineann lena mhargadh eastáit réadaigh agus le hardfhiachas príobháideach. Tá praghsanna eastáit réadaigh ard, agus bhí siad ag ardú go dtí le déanaí. Tá méaduithe ar phraghas na dtithe tar éis dul taobh le taobh le fiachas príobháideach atá ag ardú. In 2022, i gcomhthéacs géarú suntasach ar dhálaí airgeadaíochta agus maoinithe, thosaigh praghsanna eastáit réadaigh ag laghdú go feiceálach, agus an cuma ar an scéal go bhfuil tús curtha le leachtú na leochaileachtaí carntha. Tá róluacháil shuntasach ar phraghsanna fós agus táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú breise orthu. Tá laghdú suntasach tagtha ar an láimhdeachas in earnáil an eastáit réadaigh le déanaí, agus, mar thoradh air sin, tá an t-éileamh ar theaghaisí nuathógtha tite freisin. Go dtí seo, tá na forbairtí dochracha teoranta d'earnálacha na tógála agus an eastáit réadaigh, earnálacha atá ag laghdú go mór anois tar éis blianta d'fhás ard. Ar an iomlán, táthar ag súil go gcrapfaidh geilleagar na Sualainne in 2023, leis na hathruithe ar choinníollacha airgeadaíochta a dhéanann difear do chláir chomhardaithe teaghlach agus cuideachtaí réadmhaoine tráchtála agus an acmhainn a bheidh acu dul i mbun tomhaltais agus infheistíochta. Tá tionchar suntasach ag rátaí úis méadaithe ar íocaíochtaí morgáiste, mar gheall ar leitheadúlacht rátaí úis athraitheacha agus morgáistí a mhaireann ar feadh tréimhse an-fhada. Bhí tionchar teoranta ag coinníollacha athraitheacha ar an earnáil airgeadais; tá an earnáil láidir agus is ann do chorrlaigh arda brabúis agus do chóimheasa caipitil atá ualaithe ó thaobh riosca de, rud a d'fhéadfadh a bheith mar sciath chosanta in aghaidh fhorleathadh fadhbanna earnáil an eastáit réadaigh don gheilleagar i gcoitinne, cé go bhfuil sí thar a bheith neamhchosanta ar athruithe in earnáil an eastáit réadaigh. Tá an dul chun cinn beartais teoranta. Go háirithe, leanann an córas cánach de bheith i bhfabhar úinéireacht tí trí chánachas maoine athfhillteach íseal agus cuireann sé éadáil tithíochta atá maoinithe ag fiachas chun cinn trí inasbhainteacht chánach shuntasach ar íocaíochtaí úis morgáiste. Ina theannta sin, níl ach athchóiriú teoranta déanta ar an margadh cíosa neamhéifeachtúil.

(13) De réir na sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat, tháinig feabhas ar chomhardú ginearálta rialtas na Sualainne ó riocht buiséadach comhardaithe in 2021 go barrachas 0.7 % in 2022, agus thit an t-ollfhiachas rialtais ó 36.5 % de OTI ag deireadh 2021 go 33.0 % ag deireadh 2022.

(14) Na bearta beartais fhioscaigh a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, is bearta iad a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. In 2022, áiríodh sna bearta beartais fhioscaigh sin lena laghdaítear ioncam laghdú ar an gcáin fuinnimh ar dhíosail agus ar pheitril; agus áiríodh sna bearta beartais fhioscaigh sin lena méadaítear caiteachas costas an leictreachais do theaghlaigh a fhritháireamh. Measann an Coimisiún gurb é an glanchostas buiséadach a bhain leis na bearta sin in 2022 0.2 % de OTI[7]. Ina theannta sin, an costas buiséadach a bhain le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe as an Úcráin, costas a meastar a bheith ina 0.2 % de OTI in 2022, sin rud eile a d'imir tionchar ar chomhardú ginearálta an rialtais. An tráth céanna, an costas a mheastar a bhaineann le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, chuaigh an costas sin i laghad ionas gur 1.1 % de OTI a bhí ann in 2022, le hais 2.0 % in 2021.

(15) An 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle don tSualainn staid fhioscach thacúil a shaothrú in 2022[8], lena n-áirítear an spreagadh a tugadh leis an tSaoráid agus go gcaomhnódh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta.

---

[7] Ba é ollchostas buiséadach na mbeart tacaíochta fuinnimh beagnach 0.5 % de OTI in 2022, ach fuarthas ioncam suntasach fritháirimh ón Oibreoir Córais Tarchurtha, *Svenska Kraftnät*.

[8] Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Sualainne um Chóineasú 2021, (IO C 304, 29.7.2021, lch. 131).

(16) De réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[9] in 2022 crapthach ag leibhéal +0.4 % de OTI a bhí iomchuí i gcomhthéacs boilsciú ard. Mar a mhol an Chomhairle, lean an tSualainn de thacaíocht a thabhairt don téarnamh lena n-áirítear le hinfheistíochtaí arna maoiniú ag an tSaoráid. 0.2 % de OTI a bhí ann in 2022 le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais (0.2 % de OTI a bhí ann in 2021). Trí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, soláthraíodh rannchuidiú forleathnaitheach dar luach 0.1 pointe céatadáin leis an staid fhioscach[10]. Dá bhrí sin, chaomhnaigh an tSualainn infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta, mar a mhol an Chomhairle. An tráth céanna, leis an méadú ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) soláthraíodh ranníocaíocht chrapthach de 0.8 pointe céatadáin don staid fhioscach. Dá bhrí sin, bhí smacht leordhóthanach ag an tSualainn ar an bhfás ar chaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta.

(17) Tá an cás maicreacnamaíoch atá ina bhuntaca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha i gClár um Chóineasú 2023 faichilleach in 2023, agus is cás é atá i gcomhréir le réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ina dhiaidh sin. Tá sé tuartha ag an rialtas go dtiocfaidh laghdú 1.0 % ar fhíor-OTI in 2023 agus go dtiocfaidh méadú 1.2 % air arís in 2024. I gcomparáid leis sin, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtitfidh fíor-OTI 0.5 % in 2023 agus go dtiocfaidh fás 1.1 % air in 2024, go príomha toisc go bhfuil sonraí níos déanaí agus infheistíocht lasmuigh den tógáil beagán níos lú dinimiciúil i réamhaisnéis an Choimisiúin.

---

9 Is é rud a bhíonn i gceist le tomhas na staide fioscaí an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim), gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh, ach lena n-áirítear caiteachas a mhaoinítear trí thacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas le hacmhainneacht fáis mheántéarmaigh. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Bosca 1 sna Táblaí Staidrimh Fioscacha.

10 Le caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta tugadh rannchuidiú forleathnaitheach 0.2 pointe céatadáin de OTI.

(18) Ina Chlár um Chóineasú 2023, measann an rialtas go laghdóidh barrchas ginearálta an rialtais maidir le 2022 go cóimheas easnaimh 0.4 % de OTI in 2023. Léiríonn an meath in 2023 go príomha an geilleagar níos laige agus an t-airgeadas ag dul in olcas in earnáil an rialtais áitiúil. De réir Chlár um Chóineasú 2023, síltear go dtiocfaidh laghdú ar an gcóimheas idir fiachas ginearálta an rialtais agus OTI ionas gur 33.0 % a bheidh ann ag deireadh 2022, agus gur 31.0 % a bheidh ann ag deireadh 2023. Tá sé tuartha ag an gCoimisiún i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh easnamh rialtais 0.9 % de OTI ann do 2023. Tá sé sin níos airde ná an t-easnamh atá réamh-mheasta i gClár um Chóineasú 2023, go príomha toisc go measann an Coimisiún go mbeidh an caiteachas poiblí níos airde, rud a eascraíonn as, *inter alia*, tomhaltas idirmheánach níos airde agus aistrithe sóisialta comhchineáil, chomh maith le caiteachas úis níos airde. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh an cóimheas ollfhiachais rialtais-OTI ar aon dul le 31.4 % ag deireadh 2023.

(19) Na bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, meastar go leanfaidh siad de thionchar a imirt ar chomhardú ginearálta an rialtais in 2023. Is éard atá iontu bearta ar cuireadh síneadh leo ó 2022 (go háirithe, an cháin fuinnimh ar pheitreal agus ar dhíosal a laghdú) agus bearta nua, mar shampla costais leictreachais a chúiteamh do theaghlaigh, do ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí. Déantar costas na mbeart sin a fhritháireamh den chuid is mó le hioncam ó tháillí tarchurtha agus, go pointe áirithe, leis na cánacha ar bhrabúis amhantair na soláthróirí fuinnimh. Agus an t-ioncam sin á chur san áireamh, tuartar glanchostas buiséadach na mbeart tacaíochta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún ag 0.1 % de OTI in 2023[11]. De réir dealraimh, níl formhór na mbeart in 2023 dírithe ar na teaghlaigh ná ar na gnólachtaí is leochailí, ná ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais go hiomlán chun an t-éileamh fuinnimh a laghdú agus an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún meastar go hiarbhír gurb é 0.0 % de OTI in 2023 (i gcomhréir le 2022) méid na mbeart tacaíochta spriocdhírithe atá le cur san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh an mholta ón gComhairle an 12 Iúil 2022[12]. Meastar go bhfanfaidh costas buiséadach na cosanta sealadaí a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin cobhsaí den chuid is mó in 2023. Ar deireadh, deireadh a bheith á chur de réir a chéile le bearta éigeandála sealadacha a bhain le géarchéim COVID-19, a measadh gurb ionann iad agus 1.1 % de OTI, meastar gur rud é sin a rachaidh chun sochair do chomhardú ginearálta an rialtais in 2023.

---

11 Is ionann an figiúr agus leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

12 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na Sualainne um Athchóiriú agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár na Sualainne um Chóineasú 2022 (IO C 334, 1.9.2022, lch. 221).

(20) Sa Mholadh uaithi an 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle go ndéanfadh an tSualainn gníomhaíocht chun a áirithiú go mbeidh fás an chaiteachais reatha phríomha arna mhaoiniú go náisiúnta i gcomhréir le seasamh foriomlán neodrach beartais in 2023[13], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach is leochailí agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine ar a dteitheadh ón Úcráin. Ba cheart don tSualainn a bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don tSualainn freisin cur le hinfheistíocht phoiblí le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid agus as cistí eile de chuid an Aontais.

(21) In 2023, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go mbeidh an staid fhioscach neodrach tríd is tríd (-0.1 % de OTI), tráth a bhfuil boilsciú ard i gceist. Tagann sé sin i ndiaidh staid fhioscach chrapthach a bheith ann in 2022 (+0.4 % de OTI). An fás ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, táthar ag tuar go soláthróidh sé rannchuidiú atá neodrach tríd is tríd leis an staid fhioscach, rannchuidiú dar luach -0.2 % de OTI. Mar achoimre, an fás a thuartar a thiocfaidh ar chaiteachas reatha príomha arna mhaoiniú go náisiúnta, tá sé i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022. Meastar gur 0.3 % de OTI a bheidh i gceist leis an gcaiteachas a mhaoinítear le deontais faoin tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais in 2023, agus meastar go soláthróidh infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta rannchuidiú atá neodrach tríd is tríd leis an staid fhioscach, rannchuidiú dar luach 0.1 pointe céatadáin[14]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an tSualainn infheistíocht bhreise a mhaoiniú tríd an tSaoráid agus trí chistí eile de chuid an Aontais, agus táthar ag tuar nach ndéanfaidh sí infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú. Tá sé beartaithe aici infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, mar shampla infheistíochtaí in aistriú aeráide an tionscail agus leathnú leathanbhanda, a chistítear leis an tSaoráid agus le cistí eile de chuid an Aontais.

---

13 Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, meastar gur 7.7 % i dtéarmaí ainmniúla a bheidh san fhás aschuir féideartha meántéarmach a dhéanfaidh an tSualainn (meán 10 mbliana), rud a úsáidtear chun an staid fhioscach a thomhas.

14 Meastar go gcuirfidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht neodrach ar fáil.

(22) De réir Chlár um Chóineasú 2023, meastar go méadóidh easnamh ginearálta an rialtais go 0.6 % de OTI in 2024. Is léiriú é an méadú in 2024 ar an gcor chun donais eacnamaíoch den chuid is mó. De réir Chlár um Chóineasú 2023, meastar go bhfanfaidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI cobhsaí ag 31.0 % ag deireadh 2024. Ar bhonn na mbeart beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún easnamh rialtais 0.5 % de OTI in 2024. Tá sé sin i gcomhréir tríd is tríd leis an easnamh atá tuartha i gClár um Chóineasú 2023. I réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ar aon dul le 30.7 % ag deireadh 2024.

(23) Beartaítear le Clár um Chóineasú 2023 go gcuirfear deireadh de réir a chéile le formhór na mbeart tacaíochta fuinnimh in 2024[15]. Measann an Coimisiún gurb ionann glanchostas na mbeart tacaíochta fuinnimh agus 0.1 % de OTI in 2024, i gcomhréir le 2023. Tá na meastacháin sin bunaithe ar an toimhde nach dtiocfaidh méadú an athuair ar phraghsanna fuinnimh. Na bearta tacaíochta fuinnimh atá beartaithe faoi láthair go bhfanfaidh siad i bhfeidhm in 2024, ní cosúil go bhfuil siad dírithe ar theaghlaigh nó ar ghnólachtaí leochaileacha. Ní chaomhnaíonn siad an comhartha praghais chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú.

(24) I gClár um Chóineasú 2023, tá sé beartaithe ag an tSualainn an cuspóir buiséadach meántéarmach – comhardú struchtúrach buiséid de -1.0 % de OTI – a bhaint amach in 2023 agus in 2024, agus é a choimeád ar bun sa chuid eile de thréimhse an chláir. Ar bhonn réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh barrachas 0.1 % de OTI in 2023 agus 0.7 % de OTI in 2024 ag an gcomhardú struchtúrach, leibhéil atá os cionn an chuspóra bhuiséadaigh mheántéarmaigh.

(25) Má ghlactar leis nach dtiocfaidh aon athrú ar bheartais, tá sé réamh-mheasta i réamhaisnéis an earraigh 2023 ón gCoimisiún go dtiocfaidh méadú 1.1 % in 2024 ar ghlanchaiteachas príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta in 2024.

---

15 Tá sé beartaithe go bhfanfaidh an laghdú ar cháin fuinnimh ar dhíosal agus ar pheitreal i bhfeidhm ó 2023 go 2025.

(26) De réir Chlár um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh méadú ar infheistíocht rialtais ó 4.7 % de OTI in 2023 go 5.2 % de OTI in 2024. An infheistíocht níos airde, is léiriú í ar leibhéal níos airde infheistíochta a mhaoinítear go náisiúnta agus infheistíochta a mhaoiníonn an tAontas, eadhon tríd an tSaoráid. Tagraítear i gClár um Chóineasú 2023 d'athchóirithe agus d'infheistíochtaí, mar shampla na teorainneacha aoise ardaithe i gcóras na bpinsean, a mheastar a rannchuideoidh le hinbhuanaitheacht fhioscach agus le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach.

(27) Leagtar amach i gClár um Chóineasú 2023 conair fhioscach mheántéarmach go dtí 2026. De réir Chlár um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh athrú ar easnamh ginearálta an rialtais sa chaoi go mbeidh barrachas 0.2 % de OTI ann in 2025 agus 1.4 % faoi 2026. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go mbainfidh comhardú ginearálta an rialtais amach luach tagartha ábhartha an Chonartha thar thréimhse an chláir. De réir Chlár um Chóineasú 2023, meastar go dtiocfaidh laghdú ar chóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI ó 31.0 % ag deireadh 2024 go 27.7 % faoi dheireadh 2026.

(28) Is míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha iad fiachas príobháideach ard agus, in ainneoin roinnt ceartúchán a rinneadh le déanaí, praghsanna maoine a bhfuil róluacháil fós orthu agus atá fós i mbaol leachtú mí-ordúil. Tá sé deacair i gcónaí do dhaoine nua atá ag teacht isteach sa mhargadh tithíochta tithíocht a cheannach, agus is beag rogha eile atá sa mhargadh cíosa agus tá gá le hathchóiriú ann fós, chun liostaí feithimh a laghdú agus chun tógáil cóiríochta ar cíos a chur chun cinn. Tá gníomhaíocht beartais theoranta déanta ag an tSualainn chun cur i gcoinne na míchothromaíochtaí, ag díriú ar bheartais mhacrastuamachta agus ar bhearta soláthair atá dírithe ar nósanna imeachta um chead tógála a mhaolú agus ar thógáil árasán ar cíos a fhóirdheonú.

(29) Tá an t-ualach cánach foriomlán ar mhaoin sách íseal i gcónaí mar gheall ar asbhaintí cánach flaithiúla ar íocaíochtaí úis morgáiste agus cánacha íseal tráthrialta maoine. Is deacair tionchar na n-athruithe beartais ar íocaíochtaí morgáiste iarchánach a mheas, mar gheall ar easpa sonraí teaghlaigh aonair maidir le sócmhainní agus dliteanais. D'fhéadfadh gnóthachain éifeachtúlachta i ndearadh beartais a bheith mar thoradh ar infhaighteacht sonraí den sórt sin, rud a d'fhéadfadh an bac ar theacht isteach ar an margadh tithíochta a laghdú agus ualaí tithíochta a scaipeadh ar bhealach níos cothroime i measc an phobail. Sa mhargadh cíosa, téann cíosanna rialáilte faoi bhun an mhargaidh chun tairbhe do ghrúpa teoranta teaghlach. Níl aon nasc idir an cíos rialaithe faoi bhun an mhargaidh agus riachtanais agus ioncam an teaghlaigh. Mar thoradh air sin, tá liostaí feithimh fada ann, go háirithe do na teaghaisí níos mó a lorgaítear ar cíos, agus tá an ráta folúntais d'árasáin an-íseal ó thaobh idirnáisiúnta de. Dhéanfaí gnóthachain éifeachtúlachta dá leanfadh cíosanna praghsanna margaidh ar bhealach níos dlúithe agus tacaíocht cíosa a bheith bunaithe ar ioncam agus ar ghlansaibhreas.

(30) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Cé nár glacadh plean téarnaimh agus athléimneachta na Sualainne go dtí 2022, tá sé faoi lán seoil anois. In ainneoin tús mall, tá an cur chun feidhme ar an mbóthar ceart go ginearálta, agus, ag an bpointe seo, is cosúil go bhfuil rioscaí neamh-ionsúcháin teoranta i bhfianaise leithdháileadh airgeadais measartha beag an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Tugadh an socrú oibríochtúil idir an Coimisiún agus an tSualainn i gcrích i mí na Bealtaine 2023. Meastar go dtíolacfaidh an tSualainn a céad iarraidh ar íocaíocht lena gcomhcheanglófar dhá thráthchuid sa dara leath de 2023. Tá ullmhúcháin fós ar siúl maidir le caibidil REPowerEU agus le haguisín mar gheall ar an laghdú beag ar thacaíocht neamh-inaisíoctha. Trí chaibidil nua REPowerEU a thabhairt isteach go tapa sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, féadfar athchóirithe agus infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na Sualainne i réimse an fhuinnimh agus an aistrithe ghlais. Ar mhaithe leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, sin agus bearta eacnamaíocha agus fostaíochta eile taobh amuigh den phlean sin, tá sé tábhachtach i gcónaí údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí ábhartha eile a bheith rannpháirteach ar bhonn córasach agus éifeachtach, chun a áirithiú go bhfuil freagracht i leith an chláir oibre beartais fhoriomláin roinnte go forleathan.

(31) D'fhormheas an Coimisiún doiciméid chlársceidealaithe uile na Sualainne maidir leis an mbeartas comhtháthaithe in 2022. Tá sé ríthábhachtach go rachfar ar aghaidh le cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme go tapa sa chaoi gur comhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh sineirge ann idir iad féin agus an plean sin, an chaibidil REPowerEU san áireamh, ionas go ndéanfar an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích, go méadófar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus go mbeidh forbairt chríochach chothrom ann freisin sa tSualainn.

(32) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus sna cláir beartais comhtháthaithe, tá roinnt dúshlán breise roimh an tSualainn a bhaineann le (i) deiseanna neamhionanna san oideachas do dhaltaí ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntáiste agus ó chúlra imirceach; (ii) an gá atá le comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh saothair; agus (iii) an gá atá le spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

(33) Cé go n-éiríonn go maith leis an tSualainn go ginearálta maidir le torthaí oideachais, tá neamhionannais ann fós i gcóras oideachais na Sualainne. Tá deiseanna oideachais teoranta ag daltaí ó chúlra socheacnamaíoch agus imirceach faoi mhíbhuntáiste, lena n-áirítear deiseanna chun na scileanna is gá a fhorbairt chun fostaíocht a fháil. Tá an neamhionannas san oideachas ag dul i méid agus is minic a bhíonn baint aige leis an easpa deiseanna atá ann do dhaltaí ó chúlra imirceach an scoil ab fhearr leo a roghnú, go háirithe i gcás daoine a tháinig chun na Sualainne le déanaí. Tá an baol ann go mbainfidh difríochtaí i gcleachtais grádaithe ar fud scoileanna an bonn de thorthaí oideachais. Tá fadhbanna fós ag baint leis an nganntanas múinteoirí cáilithe agus is é an rud is práinní é do mhúinteoirí riachtanas speisialta, do mhúinteoirí ábhair i scoileanna éigeantacha agus do mhúinteoirí gairme i meánscoileanna. Tá scóip ann feabhas a chur ar bhunú agus ar rialachas an chórais oideachais, lena n-áirítear an próiseas clárúcháin agus an córas grádaithe, chomh maith le dul chun cinn gairme na múinteoirí.

(34) Tá dúshláin fós le sárú ag an tSualainn maidir le daoine atá faoi mhíbhuntáiste agus ó chúlra imirceach a lánpháirtiú i margadh an tsaothair, chomh maith leis na bearnaí scileanna atá fós ann a laghdú. Tá bearna níos mó ag teacht idir leibhéil oideachais na ndaoine nár rugadh san Aontas i gcomparáid leo siúd a rugadh san Aontas, go príomha i ngeall ar oideachas tríú leibhéil a bheith faighte ag níos mó daoine a rugadh san Aontas. Tá méadú ag teacht ar sciar na luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna, go háirithe i measc mac léinn nach bhfuil san Aontas. Tá gá le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama a neartú chun cabhrú le daoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste scileanna atá ábhartha do mhargadh an tsaothair a fhorbairt agus chun cur lena ndeiseanna post a fháil.

(35) Tá gá le tuilleadh iarrachta chun go mbainfidh an tSualainn a sprioc náisiúnta amach maidir le glanastaíochtaí nialasacha carbóin faoi 2045. Cé go bhfuil an tSualainn fós i measc na mBallstát ina bhfuil an sciar is airde d'fhoinsí in-athnuaite ina tomhaltas deiridh fuinnimh, d'fhéadfadh acmhainneacht eangaí cumhachta agus srianta tarchuir srianta a chur le cur in úsáid breise foinsí fuinnimh in-athnuaite amach anseo. In 2022, chuir na srianta sin le méadú ar phraghsanna fuinnimh don tionscal agus do theaghlaigh agus chuir siad teorainn le leathnú na gníomhaíochta eacnamaíche i suíomhanna iargúlta geografacha. Tá sé ríthábhachtach acmhainneacht na heangaí leictreachais a mhéadú, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar thomhaltas deiridh leictreachais na Sualainne go 300 TWh faoi 2045, mar gheall ar riachtanais mhéadaithe i ndáil le leictriú a bhaineanna leis an tionscal agus leis an iompar. Mar sin féin, tá tógáil agus treisiú na heangaí leictreachais faoi réir moilleanna de bharr próisis cheadaithe fhada. Ina theannta sin, tá cuid de na nósanna imeachta riaracháin is faide san Aontas ag an tSualainn maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh a chur in úsáid, go háirithe tionscadail gaoithe ar tír. Tá imscrúdú seolta ag an rialtas maidir le measúnuithe ar cheadanna comhshaoil a shimpliú laistigh de shainchúram Chód Comhshaoil na Sualainne. Ag an am céanna, tá gníomhaíochta beartais nithiúil de dhíth chun dlús a chur le nósanna imeachta riaracháin maidir le leathnú na heangaí leictreachais agus maidir le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, mar shampla trí theorainn a chur le líon na n-údarás a bhfuil baint acu leis na nósanna imeachta sin agus trí nósanna imeachta a reáchtáil go comhuaineach. Ina theannta sin, tá sé bunriachtanach tomhaltas fuinnimh a laghdú trí éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun astaíochtaí carbóin agus costais fuinnimh a laghdú do theaghlaigh agus do ghnólachtaí. Maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, tá an baol ann nach mbainfidh an tSualainn amach a sprioc náisiúnta maidir le fuinneamh a úsáid ar bhealach a mbeidh éifeachtúlacht 50 % níos mó ag baint leis in 2030 (i gcomparáid le 2005) má leantar leis an gconair ídithe fuinnimh idir 2005 agus 2020. Le tomhaltas fuinnimh príomhúil 43.8 Mtoe in 2021, tá an tSualainn fós i measc na mBallstát a bhfuil an tomhaltas fuinnimh is airde *per capita* acu. Tháinig laghdú 37 % ar thomhaltas gáis nádúrtha na Sualainne sa tréimhse idir Lúnasa 2022 agus Márta 2023, i gcomparáid leis an meántomhaltas gáis le linn na tréimhse céanna sna 5 bliana roimhe sin ráta atá os cionn na sprice laghdaithe 15 %. D'fhéadfadh an tSualainn leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh an t-éileamh ar ghás a laghdú go sealadach go dtí an 31 Márta 2024 i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle[16].

[16] Rialachán (AE) 2022/1369 ón gComhairle an 5 Lúnasa 2022 maidir le bearta comhordaithe maidir le laghdú ar éileamh ar ghás (IO L 206, 8.8.2022, lch. 1).

(35) Mar gheall ar easnaimh oibrithe agus scileanna in earnálacha agus i ngairmeacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, lena n-áirítear teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú, a chur in úsáid agus a chothabháil, tá scrogaill á gcruthú san aistriú chuig geilleagar glan-nialasachta. Chun go laghdófar na ganntanais scileanna agus chun go gcuirfear an cuimsiú sa lucht saothair agus athshannadh an lucht saothair chun cinn, tá sé ríthábhachtach córais oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a bheith ann a fhreagraíonn d'athruithe ar riachtanais an mhargaidh saothair, chomh maith le bearta spriocdhírithe maidir leis an uas-sciliú agus an t-athsciliú. Chun leas a bhaint as soláthar saothair nach bhfuil leas á bhaint as go fóill, ní mór na bearta sin a bheith inrochtana, go háirithe le haghaidh daoine aonair agus sna hearnálacha agus sna réigiúin is mó a ndéanann an t-aistriú glas difear dóibh. Tá méadú tagtha ar an nganntanas lucht saothair sa tSualainn le blianta beaga anuas agus in 2022 tuairiscíodh na ganntanais sin i ndáil le 16 ghairm ina dteastaíonn scileanna nó eolas sonrach don aistriú glas.

(36) I bhfianaise mheasúnú an Choimisiúin, rinne an Chomhairle scrúdú ar Chlár Cobhsaíochta 2023[17] agus léirítear a tuairim i moladh (1).

(37) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus an mheasúnaithe uaidh, rinne an Chomhairle scrúdú ar an gClár Náisiúnta um Athchóiriú 2023 agus ar an gClár um Chóineasú 2023. Léirítear a cuid moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moladh (1). Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas príobháideach agus le praghsanna arda tithíochta,

[17] Faoi Airteagal 9(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhóidh an tSualainn in 2023 agus 2024 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Deireadh a chur leis an bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh atá i bhfeidhm, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, a áirithiú go ndírítear bearta tacaíochta den sórt sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh.

   Agus staid fhioscach fhónta á coinneáil ar bun in 2024, infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais faoin tSaoráid agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú.

   Don tréimhse tar éis 2024, leanfaidh siad d'infheistíocht agus d'athchóirithe a shaothrú a chuideoidh le fás inbhuanaithe níos airde agus staid fhioscach meántéarmach stuama a chaomhnú.

   Rioscaí a bhaineann le fiachas ard teaghlaigh agus míchothromaíochtaí sa mhargadh tithíochta a laghdú trí in-asbhainteacht chánach d'íocaíochtaí úis morgáiste a laghdú nó trí chánacha athfhillteacha maoine a mhéadú, agus uirlisí leordhóthanacha á mbunú le haghaidh measúnú agus spriocdhíriú beartais níos fearr. Infheistíocht i bhfoirgníocht chónaithe a spreagadh chun na ganntanais is práinní a éascú, go háirithe trí dheireadh a chur le bacainní struchtúracha ar an bhfoirgníocht agus trí sholáthar talún, a bheadh oiriúnach chun tógála, a áirithiú. Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an mhargaidh tithíochta, lena n-áirítear trí athchóirithe a thabhairt isteach ar an margadh cíosa.

2. Leanúint dá phlean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go leanúnach agus bailchríoch a chur go pras ar chaibidil REPowerEU d'fhonn tús tapa a chur lena chur chun feidhme. Leanúint ar aghaidh le cur chun feidhme tapa chláir an bheartais comhtháthaithe, sa chaoi gur dlúthchomhlánú a bheidh iontu ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus go mbeidh dlúthshineirge ann idir iad féin agus an plean sin.

3. Torthaí oideachais a fheabhsú do dhaltaí a mbaineann cúlra socheacnamaíoch agus imirceach faoi mhíbhuntáiste leo trí dheiseanna rochtana comhionanna a chinntiú sa chóras scolaíochta agus trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanas múinteoirí cáilithe. Scileanna grúpaí faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt, go háirithe daoine ó chúlra imirceach, trí acmhainní agus modhanna a chur in oiriúint dá gcuid riachtanas, d'fhonn cuidiú leo iad féin a lánpháirtiú sa mhargadh saothair.

4. Spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh, lena n-áirítear trí ghréasáin tarchurtha fuinnimh a leathnú agus a uasghrádú, trí athchóirithe a thabhairt isteach chun nósanna imeachta riaracháin agus ceadaithe a shimpliú agus a bhrostú, trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus trí dhlús a chur le hiarrachtaí beartais atá dírithe ar sholáthar agus ar shealbhú na scileanna agus na n-inniúlachtaí atá ag teastáil le haghaidh an aistrithe ghlais.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*